

**ATHBHLIAIN FAOI
MHAISE DAOIBH!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
An Ghaeilge i measc an phobail	2
Díbhloiaíocht sa Samhradh	3
Scéal grinn	3
An Ghaeilge i mBaile Brigín	4
Seacht nIonntas an Domhain	4
An tOileán is ansa liom	5
Mo thuras teanga	6
Eanáir 1915	6
An Fhealsúnacht	7
Sinéad de Valera	7
Aerfort Bhaile Átha Cliath	8
Johnny Mháirtín Learáí	8
An chéad Túdarách	9
Cailíní in Kanchrapara	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Bí i do scríbhneoir	11
Cuimhní cinn EURO 2012	12
An bhliain seo romhainn	12



AN TAObh Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 2 EAGRÁN 1 EANÁIR - FEABHRA 2015

AN TREO MÍCHEART?

Léiríonn scéal na bhfógraí bóthair dátheangacha fíor stádas na Gaeilge sa tír seo faoi láthair. Sna fógraí atá ann le fada tá leagan na bhfocal sa Ghaeilge scríofa le litreacha sa chás íochtair agus i gcló iodálach (*italics*) Tá leagan na bhfocal sa “Bhéarla” scríofa le ceanntitreacha sa ghnáthchló. Taispeánann sin an meas a bhí ar na polaiteoirí agus na státseirbhísigh ar an nGaeilge ag an am ar socraíodh ar an modh scríofa sin a úsáid agus ó shin.

Anuraidh choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge staidéar ar na fógraí bóthair ó Garrett Reil, dearthóir proifisiúnta a oileadh in Éirinn agus thug siad a thuairisc do Leo Varadkar, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag an am. Shocraigh eisean go mbeadh na litreacha don Ghaeilge agus don Bhéarla ar na fógraí bóthair ar an méid céanna agus sa chló céanna as seo amach (féach ar an íomhá ar dheis). Ansin chuir an tAire nua, Paschal Donohue, moill ar an scéim - ar bhonn sábháilteachta a dúirt sé. Is míloighciúil an tuairim go gcuirfí sábháilteacht ar bhóithre i mbaol dá mbeadh an litreoireacht (*lettering*) i nGaeilge agus i mBéarla ar chomh-mhéid ar na fógraí. Cad faoi na fógraí atá in úsáid san Albain, sa Bhreatain Bheag agus i dtíortha dátheangacha eile? Má tá amhras faoin sábháilteacht ar an Rialtas i ndáiríre tá dualgas orthu teagmháil phráinneach a dhéanamh leis na tíortha sin chun iad a chur ar a n-airdeall faoin gceantúirt seo.



De réir an Bhunreachta is í an Ghaeilge príomhtheanga na tíre seo. Faraor, tá sé soiléir gur cur i gcéill atá sa ráiteas sin. Tá sé thar am, beagnach céad bliain tar éis Éirí Amach na Cásca, an stádas céanna, ar a laghad, a thabhairt dár dteanga dúchas féin ar chomharthaíocht bóthair na tíre seo agus atá ag an mBéarla.

Is fiú dul go <http://www.garrettreil.ie/> chun tuilleadh a léamh faoi stair na bhfógraí bóthair in Éirinn agus an taighde a rinne Garrett Reil i gcomhair a thuairisce do Chonradh na Gaeilge.



CEACHT BEAG NA GAEILGE: CAOL AGUS LEATHAN




Sa Ghaeilge úsáidtear an aibítir a-b-c-d-e-f-g-h-i-l-m-n-o-p-r-s-t-u de ghnáth. Bíonn litreacha eile, j-v-x-y, le fáil i ndornán focal a tháinig ón iasacht nó a bhaineann leis an eolaíocht (jíp/**jeep**, vacsaín/**vaccine**, xileafón/**xylophone**, Y-chrómosóm/**Y-chromosome**, zú/**zoo**).

Tá consain (**consonants**) agus gutaí (**vowels**) san aibítir, na gnáthghutaí gairide (**short**), a-e-i-o-u, agus freisin, le húsáid as an “fada”, gutaí fada (**long**), á-é-í-ó-ú. Tá tionchar ag na gutaí ar na consain.

Má thagann “e/é” nó “i/í” roimh chonsan nó ina dhiaidh, deirtear gur consan caol (**slender**) é.

Má thagann na gutaí eile roimh chonsan nó ina dhiaidh deirtear gur consan leathan (**broad**) é.



Mar shampla:

dílís	d caol	l caol	s caol
focal	f leathan	c leathan	l leathan
Gaeilge	g leathan	l caol	g caol
míleata	m caol	l caol	t leathan
nóiméad	n leathan	m caol	d leathan



Má cuimhníonn tú ar an riail seo cabhróidh sé leat agus tú ag litriú focal.

De ghnáth má tá “e/é/i/í” roimh an gconsan (i.e. caol), is gnáth go mbeidh “e/é/i/í” ina dhiaidh agus má tá “a/á/o/ó/u/ú” roimh an gconsan (i.e. leathan) beidh “a/á/o/ó/u/ú” ina dhiaidh.

críochnú				
caol	-eadh	-éail	-int	-iú
leathan	-adh	-áil	-aint	-ú

Samplaí:

briseadh/casadh; feiceáil/tógáil; tuiscint/féachaint; ídiú/tosú.

Bí ag lorg rian na rialach sin agus tú ag léamh na hirise.

AN GHAELGE I MEASC AN PHOBAIL

Liam Ó Dónaill

Aontaím go hiomlán le Ben Mac Lochlainn ina alt faoi ‘*An Ghaeilge Taobh Amuigh den Scoil*’ in Eagrán na Nollag 2014. Scríobh sé gur chóir iarracht a dhéanamh daltaí scoile a ghríosú chun an Ghaeilge a labhairt níos mó ina saol laethúil. Ach conas is féidir é sin a dhéanamh? Ní dhéanfaidh siad amhlaidh mura gcloiseann siad an Ghaeilge á cleachtadh ag gnáthdhaoine, de gach aois, sa ghnáthshaol. Tá sé sin ag brath orainne. Gach seans a bhíonn againn, gach lá den bhliain, má bhuailear le strainséir ar bith, bíodh cúpla focal as Gaeilge in úsáid againn. Mar shampla, sa bhus nó ar an traein, ar shuí duit in aice le duine, abair ‘*Gabh mo leithscéal*’. Má tá compánach leat le roinnt Gaeilge, déan í a úsáid. Ag fágáil an bhus duit abair “*Go raibh maith agat!*” agus “*Slán!*” leis an tiománaí. Is minic a bhíonn roinnt Gaeilge ag an tiománaí. Is féidir leat an rud céanna a dhéanamh freisin agus tú ag íoc i ngach siopa. Fiú má tá cuma ar dhuine gur eachtrannach é nó í, ní chóir duit a rá leat féin nach mbeadh Gaeilge aige. Ar a laghad is féidir cúpla focal a mhúineadh dóibh cosúil le ‘*tá fáilte romhat*’ agus ‘*slán*’. Beidh aithne aige ort an chéad uair eile! I mo thaithí féin, mar chnocadóir (www.cnocadoiri.com), éinne a bhuaileann linn ar chosán siúlóide agus a sheasann siar chun seans do scata againn dul ar aghaidh, gabhaim buíochas leo as Gaeilge. Má bhíonn siad in ann mé a fhreagairt as Gaeilge, lasann a súile agus bíonn i bhfad níos mó cairdis eadrainn. Iad sin a bhfuil Gaeilge líofa acu, seans maith go dtosódh comhrá. Mar an gcéanna ag gach teagmháil. Bheadh daltaí agus iardhaltaí scoile níos sásta an Ghaeilge a chleachtadh má chloiseann siad í go nádúrtha nó má labhraítear leo sa teanga.

Caithfimid beart a dhéanamh de réir ár mbriathar!

DÍBHOLAÍOCHT SA SAMHRADH

Antóin ó Seaghdha

An samhradh seo caite, bhíos ag taisteal tríd an gcontae álainn sin, An Clár, nuair a stop mé i Lios Dúin Bhearna chun mo scíth a ligean. Chuaigh mé isteach i dteach tábhairne agus bhí an chraic chomh maith sin leis an dream a bhí istigh ann gurbh oth liom nach raibh dath liath ar mo chuid gruaige, mar bhí an dream go léir san aois sin agus iad ag bualadh lasracha as an urlár. Tar éis cúpla pionta a íslíú, bhíos sásta liom féin agus síos liom go dtí Inis Díomáin, baile gleoite ina bhfuil fáilte roimh chách. Is cuimhin liom go maith bheith ag obair ann mar oibrí líne le *Telecom* ar feadh seala, agus bhaineas sult as an tréimhse sin.

Ar aon nós, do stop mé arís in Inis Díomáin le haghaidh dí eile (bí ag smaoineamh go raibh sé an-te an samhradh seo caite agus mar sin, bhí orm stopadh go minic!). Bhíos ag caint leis an gcailín a bhí taobh thiar den bheár faoin gcrac i Lios Dúin Bhearna. “*Bhuel, éist liom,*” a dúirt sí, “*bhíos ann cúpla oíche ó shin agus d’iarr fear orm dul amach ar an urlár ag damhsa. Chuamar amach agus ar aghaidh linn ag rince. Tar éis cúpla nóiméad, chuir an fear a lámha suas san aer agus cad a bhí ceangailte lena léine faoina ascaillí ach ‘dhá ghléas úraitheoir aeir do ghluasteán’, chun an boladh allais a choimeád faoi smacht”. Bhuel, níl aon ghá le ‘*Sure*’ nó *Old Spice*’ nó ‘*Funk*’ nuair a atá an ‘crann giúise’ ar crochadh uait chun an boladh úr sin a ghiniúint. Is mór an trua nach raibh Christy Moore ann chun amhrán a chumadh!*



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Chonaic mé seanfhear ina shuí ar bhinse sa pháirc agus é ag gol. Chuaigh mé chun caint leis. “*Cad atá ag cur isteach ort?*” d’fhiafraigh mé de.

“*Tá bean chéile, cailín álainn dathúil, 21 bhliain d’aois, sa bhaile agam. Gach maidin nuair a dhúisim tugann sí suathaireacht dom, agus ansin éiríonn sí agus ullmhaíonn sí bricfeasta dom, sú oráiste, ispíní, slisíní agus uibheacha friochta, pota tae luibhe agus tósta dom,*” a d’fhreagair sé.

“*Ach cén fáth mar sin go bhfuil tú ag gol?*” dúirt mé.

“*Ullmhaíonn sí anraith agus arán den déantús baile don lón, glanann sí an teach ó bhun go barr, agus ansin suíonn sí in aice liom sa tráthnóna agus mé ag féachaint ar na cláir is ansa liom ar an teilifís,*” dúirt sé liom.

“*Ach cad chuige go bhfuil tú ag gol?*” a d’fhiafraigh mé de arís.

“*Réitíonn sí béile beadaí agus tugann sí dom é le buidéal fiona don dinnéar. Ansin deasaíonn sí isteach liom go dtí am codlata*” dúirt sé.

“*Cén fáth, in ainm Dé, mar sin go bhfuil tú ag gol?*” a d’fhiafraigh mé de arís.

“*Faraor, ní féidir liom cuimhneamh cá bhfuil mo theach*” a d’fhreagair sé!

**Foclóirín:**

suathaireacht - **massage**; ispíní - **sausages**; slisíní - **rashers** ;
uibheacha friochta - **fried eggs**; pota tae luibhe - **a pot of herbal tea**; anraith - **soup**;
den déantús baile - **homemade**; ó bhun go barr - **from bottom to top**; is ansa liom - **my favourite**;
cad chuige? - **Why?**; reitíonn sí - **she prepares**; béile beadaí - **gourmet meal**;
am codlata - **bedtime**; deasaíonn sí isteach liom - **she snuggles close to me**;
ní féidir liom cuimhneamh - **I cannot remember**



AN GHAELIGE i mBAILE BRIGÍN

Bernie Kelly

Bhí Lá Oscailte ar siúl i mBaile Brigín ar 15 Mí na Samhna. B'ócáid den scoth í le leathchhead grúpa éagsúil ag scaipeadh an scéil faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl sa Bhaile. Bhí bord ann ag lucht na Gaeilge i mBaile Brigín agus bhaineamar an-sult as an lá. Bhí a lán daoine sásta labhairt linn ar feadh tamaill as Gaeilge, agus bhí sé go hiontach éisteacht leis an nGaeilge á labhairt i measc an phobail.



Ní aon ionadh go bhfuil staid na Gaeilge láidir i mBaile Brigín mar ansin a rugadh Sinéad Ní Fhlannagáin, bean chéile Éamonn de Valera, a scríobh go leor as Gaeilge agus a raibh clú agus cáil uirthi mar mhúinteoir Gaeilge fadó. Osclaíodh Gaelscoil Bhaile Brigín i 2006 le 35 dhalta agus beirt mhúinteoirí agus anois tá 450 dalta inti. Osclaíodh Gaelcholáiste nua, Coláiste Ghlor na Mara, i 2014 freisin - dul chun cinn den scoth. Bíonn ciorcal comhrá ar siúl sa Leabharlann gach Déardaoin ar a seacht agus freisin bíonn ciorcal comhrá agus seisiún ceoil ar siúl sa **Central Bar** gach Luan, ag tosú ar a hocht. Le déanaí thosaigh maidin chaife i gCaifé **Mholly** i mBaile Brigín ar meán lae (12 pm) Dé Sathairn. Gan amhras tá an Ghaeilge faoi bhláth i mBaile Brigín.

Féach ar **Facebook: Gaeilge i mBaile Brigín**.

SEACHT nIONTAS AN DOMHAIN

Pádraig Mac Éil

Sna laethanta seo bíonn An Briseadh Bliana (**Gap Year**) ann. San 18ú agus 19ú haois bhí An Chuairt Mhór (**The Grand Tour**) ann. Sna meánaoiseanna bhí na hoilithreachtaí mar *An Camino de Santiago* ann. Bhí a dturas féin ag na Gréagaigh anallód agus ba é sin cuairt a thabhairt ar Seacht nIontas (**Wonders**) an Domhain. Thaitníodh liostaí leis na Gréagaigh agus bhí draíocht ag baint leis an uimhir seacht. Ach bhí iontais éagsúla ar liostaí éagsúla agus ní raibh na hiontais uile le feiceáil ag an tréimhse céanna. Ní raibh Oldealbh Ródas ina seasamh ach ar feadh 50 bliain nó mar sin. D'aontaigh an chuid is mó de na scríbhneoirí le sé chinn de na hiontais (An Phirimid Mhór i Giza, Gairdíní Léibheann (**Hanging Gardens**) na Bablóine, Oldealbh (Colasas) Ródas, An Másailéam (**Mausoleum**) ag Halacarnasas, Teampall Eifeasais, agus Teampall Zeus ag Oilimpia).




Don seachtú hiontas bhí Ballaí Chathair na Bablóine nó Pálás Chíoras, Rí na Peirse ar liostaí agus, faoi dheireadh ón 6ú haois AD, Teach Solais (**Lighthouse**) Fharas ag Cathair Alastair. Baineann an chuid is mó de na hiontais le domhan na Meánmhara (**Mediterranean**) mar ní raibh eolas maith ag na Gréagaigh a chur an liosta le chéile ar na tíortha agus ar na hiontais sa chuid eile den Domhan. De na Seacht nIontas níl ach ceann amháin fós ann, an Phirimid Mhór.



AN tOILEÁN IS ANSA LIOM


Proinsias Brinkley

S'é ceann de na háiteanna is deise ar dhomhan, i mo thuairimse, ná Oileán Reachrann ([Lambay Island](#)). Ó tháinig mé go Mullach Íde thart ar dhaichead bliain ó shin tá áilleacht Reachrann ag dul i gcion orm. Ag breathnú amach air ón móirthír ar dtús, cheap mé go raibh draíocht éigin ag baint leis agus theastaigh uaim dul ní ba ghiorra dó le radharc níos fearr a fháil air. Níorbh fhada i Mullach Íde mé gur chuir mé suim sa tseoltóireacht. Cheannaigh mé [Hunter Europa](#) - bád seoil beag, naoi dtroithe déag ar a fhad - agus chuaigh mé chun farraige. Bhí thart ar trí cinn déag de na [Hunters](#) ag rásaíocht amach ó Mhullach Íde ag an am agus ba mhór an spórt a bhí againn. Taobh amuigh den rásaíocht, thapaigh mise an deis chun seoladh móorthimpeall Reachrann. Is iomaí samhradh a chaith mé ó shin ag seoladh móorthimpeall an oileáin is ansa liom. Ní bhíonn aon dá thuras go Reachrann mar an gcéanna. Uaireanta nuair a bhíonn gaoth measartha láidir ón treo ceart againn ní bhíonn gá le hinneall ar bith, ach an seol cinn agus an seol mór, nó an dá cheann, a ardú, nó uaireanta an spionacar in éineacht leo, agus ar aghaidh linn ansin ag seoladh ar nós na




gaoithe go dtí go mbíonn fothain againn agus muid ar ancaire i mbá éigin ar thaobh is oiriúnaí an oileáin dúinn. Uaireanta agus an ghaoth díreach inár gcoinne, ní bhíonn an dara rogha againn ach gabháil anonn is anall ar luas lasrach, go dtí go mbíonn ár gceann scríbe sroichte againn. Uaireanta eile, agus gaoth an-láidir inár gcoinne, agus muid buartha faoin rigín seasta, bainimid úsáid as an inneall.

Agus muid ag seoladh timpeall an oileáin bíonn radhairc iontacha le feiceáil againn. Is minic a bhíonn garda onóra againn ar feadh tréimhse le deilfeanna agus muid ag déanamh ar an oileán. Bíonn na róna le feiceáil againn go rialta, ní amháin i bPoll an Róin (Poll na Róna?) ach in áiteanna eile freisin. Bíonn siad fiosrach go maith agus muid ar ancaire agus tugann siad cuairt orainn, ach go háirithe más aimsir na gcoileán róin a bhíonn ann, nó má bhíonn an t-ádh linn leis an iascaireacht. Bíonn neart éan le feiceáil againn freisin, ní amháin na gainéid ríoga atá lonnaithe in dhá áit áirithe ar na haille, ach neart éan farraige éagsúil ar na carraigeacha, sa spéir, agus san fharraige féin. Níl radharc níos deise ná na forachain ([guillemots](#)), na crosáin ([razorbills](#)) agus, fiú, na puifíní beaga agus iad go léir le chéile ag snámh sa chuan céanna roimh imeacht na bpuifíní amach ar an bhfarraige mhór i bhfad ón oileán. Bíonn neart seagaí ([shags](#)) agus broigheall ([cormorants](#)) móorthimpeall agus iad ag triomú a gcleití faoin ngrian. Tá na faoileáin ([gulls](#)) uile go flúirseach ann, ón saidhbhéar ([kittiwake](#)) go dtí an droimneach mór ([great black-backed gull](#)).



Bíonn neart fiadhúlra ([wildlife](#)) le feiceáil freisin ar an oileán ónár mbád. Bíonn an piasún ([pheasant](#)) le cloisteáil agus le feiceáil sna páirceanna, tá ainmhithe feirme ar nós na heallaí ([cattle](#)) is na caoirigh ann, mar aon le fianna áille agus feictear, fiú, valbaithe ([wallabies](#)) minic go leor agus iad ag léim tríd an aiteann ([gorse](#)). Ní bhíonn an spéir féin os cionn an oileáin folamh riamh ar ndóigh, agus is minic a thagann an fabhcún gorm ([peregrine falcon](#)) agus an cúr ([kite](#)) chun seilg inár dtimpeall.



Roimh sheoladh abhaile dúinn ón oileán is ansa linn, bainimid triail anois is arís as an slat iascaireachta. Níl mórán rian a thuilleadh de na coidlíní ([codlings](#)) breátha, nó fiú de na scadáin ([herrings](#)) a mhairidís fadó. Níl na ronnaigh ([mackerels](#)) mhóra le feiceáil mórán, ach is beag lá nach bhfaighimid ronnach nó mangach ([pollock](#)) le tabhairt abhaile linn. Pé ádh nó mí-ádh a mbíonn againn leis an iascaireacht, is muidne a bhíonn sona sásta le lá ar bith a bhíonn sé de phribhléid againn a bheith i ngiorracht radharc na súl d'Oileán álainn Reachrann. Buíochas mór le Dia, a thug an deis agus an tsláinte dúinn é a dhéanamh.





MO THURAS TEANGA

Stiofán Ó hAoláin

Thaitin Gaeilge go mór liom sa scoil go dtí an Meánscoil. Nuair a bhí mé i mo chúigiú bliain bhí múinteoir agam agus níl a' fhios agam cén fáth ach níor réitíomar le chéile agus d'fhulaing mo chuid Gaeilge mar gheall air. B'annamh a labhair mé Gaeilge tar éis mo bhlianta scoile ach bhí meas agam ar mo theanga mar sin féin. Bhí mé i gcónaí ag léamh fógraí, comharthaí agus logainmneacha i nGaeilge. Chaith mé seal i Londain agus bhí mé ag caint cúpla focal anois is arís le cairde a bhí agam ann. Ar ais i mBaile Átha Cliath agus thosaigh mé ag tógáil clainne. Bhí mo mhac is sine ar tí tosú i naíolann agus lá amháin chuir a mhúinteoir ceist 'an bhfuil Gaeilge agat?' orm. Dúirt mé 'Níl'. Chuir sé isteach orm go ndúirt mé sin mar bhí cúpla focal agam. Bhí easpa misnigh agam chun í a labhairt go poiblí.



Tar éis roinnt blianta eile bhí mé ag obair i monarcha i gCúlóg agus is cuimhin liom comhrá idir mé féin agus Ben Mac Lochlainn faoin nGaeilge agus é ag obair ann ar feadh tamaillín. Ba mhinic a raibh sé ag múineadh focail nua domsa agus do dhaoine eile.


Cúpla bliain ina dhiaidh sin bhí mé ag déanamh obair scafalra ar fud na cathrach. Ar feadh dhá bhliain bhí mé ag obair i lár na cathrach agus bhí sé ní ba éasca dom an DART a úsáid chun dul isteach don obair gach lá. Léigh mé leabhar nua gach coicís agus mé ag taistil. Tar éis sé mhí nó mar sin de cheap mé go mbeadh sé ní b'fhearr dom rud éigin a fhoghlaim seachas bheith ag léamh ficsin. Rinne mé cinneadh Gaeilge a fhoghlaim agus cheap mé go mbeadh mé sásta deich n-abairt a fhoghlaim ach chomh luath is a thosaigh mé dhúisigh rud ionam agus bhí fonn mór orm í a fhoghlaim uile go léir.

Tharla sé sin deich mbliana ó shin agus tá mé fós ag foghlaim. Thit mé i ngrá leis an teanga agus leis an saol atá nasctha léi. Tá súil agam gur spreag mé cúpla duine ar mo chianaistear chun suim a chur sa Ghaeilge freisin.

EANÁIR 1915 - COGADH DOMHANDA I

Pádraig Mac Éil

Thaispeáin eachtraí Eanáir 1915 i gCogadh Domhanda I go raibh ré nua uafásach cogaíochta tagtha i réim. Ar an gcéad lá den mhí, sa Mhuir nIocht, scaoil fomhuireán Gearmánach toirpéad i gcoinne loinge cogaidh Sasanaí, *HMS Formidable*. Chuaigh an long go tóin poill agus bádh 547 den fhoireann. Ar an 19 Eanáir tharla an chéad aer-ruathar ar Shasana nuair a scaoil Seipilín L3 (aerlong Ghearmánach) buamaí ar **Great Yarmouth** agus Seipilín L4 buamaí ar **Kings Lynn** - maraíodh ceathrar agus gortaíodh sé dhuine dhéag. Ar an 31 Eanáir tharla an chéad mór-ionsaí inar úsáideadh ceimiceach nimhiúil ag Bolimów nuair a chaith na Gearmánaigh 18,000 sliogán (agus xililbróimíd iontu) ar na Rúisigh ach reo an fhuacht an ceimiceán. De réir tuairisce eile, ón Maor Karl von Zingler, bhain na Gearmánaigh úsáid as an ghás nimhiúil chlóirín don chéad uair roimh 2 Eanáir agus mharaigh an gás 140 saighdiúir Sasanach. Ní athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise i 1915 a bhí i ndán do na céadta míle saighdiúir, mairnéalach agus píolóta ach bliain a mbáis.




AN FHEALSÚNACHT I

Nodlaig Ó Scurlóig

Cén sórt ainmhí í an fhealsúnacht ? Má tá suim agat ciall éigin a bhaint as do shaol is fiú í. B'fhéidir go bhfuil ceithre rud ann:

An Fhealsúnacht: sin do smaointe féin ar na ceisteanna dosheachanta, mar shampla; an bhreith, an saol , an galar, an tragóid, an greann, an bás an óige agus an tseanaois Tá ort do chonclúidí féin a dhéanamh gan tagairt d'aon ní eile ná don reiligiúin.



An Mhiotaseolaíocht: sin saghas brionglóide ina gcruthaíonn tú Dia, déithe, laoch chun ciall a chur ar an saol.

An Reiligiúin: sin gníomh nó scéal atá ann i measc an phobail gan míniú, osnádúrtha a thugann tuiscint ar na ceisteanna thuas.

An Eaglais: sin eagraíocht le dualgas an t-eolas atá faighte as an reiligiún a mhúineadh don phobal ; tá ort breithiúnas a dhéanamh ar an obair sin.

An féidir freagra a chur ar na ceisteanna uile? Ní dóigh liom é ach is é mo thuairim go bhfuil sé ar ár gcumas cuid bheag de na freagraí a aimsiú.


An chéad cheist?; An bhfuilimid anseo trí thimpiste nó trí Dhia éigin? Má cheapann tú gur trí thimpiste é caithfidh tú freagra a chur ar an gceist má tá an oiread sin timpiste ann an féidir iad a bheith ina timpistí? Mar is é an sainmhíniú ar thimpiste ná eisceacht !

Má tá ceist agat faoin alt seo cuir chuig an eagarthóir agus freagróidh an t-údar é sa chéad eagrán eile !

SINÉAD DE VALERA

Pádraig Mac Éil

Rugadh Sinéad Ní Fhlannagáin i mBaile Brigín i Meitheamh 1878 agus fuair sí bás an 7 Eanáir 1975, daichead bliain ó shin. Oileadh í mar mhúinteoir agus fuair sí post i Scoil Náisiúnta Sráid Dorset timpeall 1901. Bhí sí gníomhach i gConradh na Gaeilge agus in Oireachtas 1907 bronnadh an chéad áit di sa chomórtas “*Taispeántas don mhodh múinteoireachta is fearr a oireann don Ghaeilge*”. Mhúin sí an Ghaeilge i gColáiste Laighean, Cearnóg Parnell don Chonradh agus dúirt Earnán de Blaghd ina dhírbeathaisnéis go raibh mórleamh ar a cuid ranganna agus go raibh siad plódaithe gach seachtain. Chas sí ar Éamon de Valera agus é ina mhac léinn di agus phós siad in Eanáir 1910. Ba dheacair blianta na Réabhlóide di agus a fhear chéile scartha ón gclann. Fuair a tuismitheoirí bás sa tréimhse sin freisin. Ghoill an Cogadh Cathartha (**Civil War**) go mór uirthi mar bhí sí cairdiúil le Art Ó Gríofa agus le Michéal Ó Coileáin.




Scríobh sí drámaí, dánta agus scéalta do pháistí i nGaeilge agus i mBéarla, mar shampla “*Na buidéal draíochta*”, “*Morann an ceart-bhreitheamh*”, “*Niall agus Gormfhlaith*”, “*Coinneal na Nollag agus scéalta eile*”, “*Cochaillín dearg agus an mac tíre*”, agus araile. D'éag sí in aois a 96 bliana. Tá sí curtha i nGlas Naíon lena fear chéile agus lena mac, Brian, a maraíodh i dtimpiste mharcaíochta, 20 bliain d'aois. Féach ar ainm.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoina beatha.

AERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH

Pádraig Mac Éil

I 1937 shocraigh an Rialtas aerfort nua sibhialtach (**civilian**) a thógáil i mBaile Choilín (**Collinstown**) i gContae Átha Cliath ar shuíomh seanaeradróim thréigthe den Aerfhórsa Ríoga (**RAF**). Ar an Aoine, 19 Eanáir 1940, 75 bliana ó shin, osclaíodh an t-aerfort nua le heitleán Aer



Lingus Lockheed 14 a d'imigh go Aerfort Speke sa Learpholl, Sasana. Toisc go raibh Cogadh Domhanda 2 ar siúl ní raibh ann ar dtús ach an eitilt (**flight**) go Learpholl, agus, uaireanta, eitilt go Manchain. I Samhain 1945 thosaigh an chéad eitilt sceidealta (**scheduled**) go hAerfort Croydon, Londain agus in Aibreán 1958 bhí an chéad eitilt ón

aerfort go dtí Nua-Eabhrac.

Osclaíodh críochfort (**terminal**) nua san áit i 1941. Dhear (**designed**) Deasún Mac Gearailt, deartháir an iarthaoisigh, Gearóid Mac Gearailt, é. Fuair sé an tinreamh (**inspiration**) dá dhearadh ó chruth (**shape**) línear farraige móire (**ocean liners**) na linne agus bhuaigh sé duaiseanna. Tá sé ina fhoirgneamh liostaithe (**listed building**) anois. Leanadh leis an tógáil go leanúnach ó shin leis an gCríochfort Thuaidh i 1959, foirgneamh nua don Chríochfort i 1972 agus, le déanaí i 2010, Críochfort 2, atá in ann 30 milliún paisinéir sa bhliain a láimhseáil.



Ó osclaíodh an tAerfort 75 bliana ó shin d'úsáid beagnach 435 milliún duine é. Don todhchaí tá caint ar siúl faoi Mheitreo Thuaidh nó faoi fholínte Mhearlíne Átha Cliath (**DART**) ó Chluain Ghrifín nó faoi LUAS ón gClochán Leathan (**Broadstone**) díreach go dtí an tAerfort. Mar is gnáth in Éirinn na linne seo níl aon easpa cainte faoin tionscnamh (**project**) ach nílimid in ann teacht ar chinneadh fós agus an gníomh a dhéanamh.

JOHNNY MHÁIRTÍN LEARAÍ

Stiofán Ó hAoláin

Fear iontach cairdiúil is é Johnny. Is as Leitir Ard nó Leitreach Ard mar a thugann siad ar an gceantar anois é. Ba ea Leitreach Ard an seanlogainm a bhí air agus tá siad ag baint úsáide as sin arís. Tá sé sin go maith. Nach bhfuil?

Tá a lán scéalta ag Johnny. Scéalta faoi mhuintir na háite agus aon uair is a bhím i gCarna buailim isteach leis le haghaidh cupáin tae agus bainim an-sult as a chuid scéalta. Bíonn muid sa chistin ag caint, ag amhránaíocht agus is minic a cuirim isteach iarratas píosa poirtéireachta béil a chloisteáil uaidh. Téann muid ag siúl ar a chuid talún freisin chun na radhairc áille a fheiceáil.

Is breá liom a bheith ag breathnú ar Inis Ní agus ag amhrán cinn de na hamhráin is ansa liom '*Úna Dheas Ní Nia*'. Amhrán faoi chailín gránna a bhí ag obair i siopa a seanathar ar Inis Ní. Bhí file ag lorg tobac ar cairde agus dúirt sí go dtabharfadh sí tobac dó saor in aisce dá scríobhfadh sé dán fúithi agus chum sé an dán. Faighimse eolas faoin gcorramhrán ó Johnny ach bíonn orm éisteacht go géar mar bíonn sé rósciobtha dom i gcónaí. Tá eolas aige faoi gach amhrán i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh sé liom mar aoi speisialta san **Abbey Tavern** i mBinn Éadair ag a naoi a chlog Déardaoin 4 Feabhra 2015. Beidh fáilte mhór romhat ag Ciorcal Ceoil Bhinn Éadair. Beidh sé go maith thú a fheiceáil agus má tá amhrán, dán nó scéal agat i dteanga ar bith beidh sé ar fheabhas thú a chloisteáil.





AN CHÉAD TÚDARACH

Seán Ó Mathúna

Bhí Anraí VII ina rí ar Shasana ó 1485 go 1509. Rugadh é i gCaisleán Pembroke (Castell Penfro) sa bhliain 1457 ach bhí sé ina dheoraí sa Fhrainc ar feadh 17 mbliana mar bhí cogadh na Rósanna ([Lancaster](#) vs. Eabhrac/[York](#)) ar siúl i Sasana an t-am sin. Bhuaigh sé ar Risteard III (Teaghlach Eabhraic, ríora Plantagenet) chun teacht i gcumhacht. Bhí a lán iarmhairtí (consequences) tábhachtacha mar thoradh ar theacht Anraí ar an gcoróin.



1. Ba é an chéad Túdarach cé go bhfuil amhras ann go bhfuair sé teideal bréagach óna sheanathair [Owen Tudor] a phós baintreach Anraí V.
2. Chuir sé deireadh le cogadh na Rósanna trí Elizabeth York, a bhí i bpríosún, a phósadh.
3. Ba chuntasóir den scoth é agus bhunaigh sé an Ríochomhairle [[King's Chamber](#)] chun smacht a choimeád ar chaiteachas airgid. Nuair a fuair sé bás bhí sé ar cheann de na ríthe ba shaibhre san Eoraip [rud a thaitin go mór lena mhac drabhlásach Anraí VIII].
4. Chuir sé tús le tionscal na holla i Sasana.
5. B'athair é ar Anraí VIII. Mhol sé go mbeadh Anraí óg ina shagart agus a mhac eile, Art ([Arthur](#)), ina rí ach d'éag Art nuair a bhí Anraí óg 8 mbliana d'aois.



Séipéal Anraí VII, Mainistir Westminster

D'éag Anraí VII i 1509 agus cuireadh é i Mainistir Westminster. Tá sé sa tuama is taibhsí san Eoraip. Is fiú féachaint ar an inscríbhinn ar a thuama: (“[Here is situated Henry VII the glory of all the kings in his time, etc.](#)”) (“[Anseo tá Anraí VII curtha glór na ríthe ar fad le linn a thréimhse, srl.](#)”).

CAILÍNÍ in KANCHRAPARA

Suzanne, Na Scéirí

Chaith mé tráthnóna, cúpla bliain ó shin, i Kanchrapara, baile mór i mBeangál Thiar na hIndia. Bhí mé i dteannta triúr cairde óga ón tionscadal *Familia*, Tina, Sudipta agus Poorima. Chónaigh siad i dteach lena dtuismitheoirí altrama, Trina agus Arul. Bhí mé mar chuirteoir orthu ar feadh cúpla lá. Ar dtús chuamar go dtí Oifig an Phoist chun cártaí poist a sheoladh go hÉirinn. Bhí orainn stampaí 15 rúipí a chur ar an uile chárta poist. D'úsáideamar trí stampaí 12, 2 agus 1 rúipí. Thóg sé dhá lá orthu taisteal go Baile Átha Cliath.

Tar éis sin, ar aghaidh linn go dtí siopa [Ray's Electronics](#) i dtaobhshráid chiúin mar gur mhaith liomsa m'fhón póca a dheisiú. Beirt ghasúr a bhí sa siopa agus iad ag obair i spás beag cosúil le cuisneoir Meiriceánach. D'oibrigh siad ar an bhfón ar feadh caoga nóiméad le bogearraí diagnóiseacha agus le ilmhéadair ([multimeters](#)) éagsúla. Tháinig custaiméirí eile isteach ach bhí orthu fanacht nó filleadh ní ba dhéanaí. Is dócha gur chuireadar mé “*ar barr na scuaine*”. Ach níor éirigh leo, ba mhór an trua! Fadhb leis an lasc ([switch](#)) ann-as a bhí ann. Bhí an-bhrón orthu. Thug siad cupán (cré) tae dúinn agus brioscaí spríosracha ([spicy](#)). An praghas? Saor in aisce. Nialas ([zero](#)) rúipí! D'fhéadfadh Uisce Éireann rud nó dhó a fhoghlaim uathu!

Bhí díomá orainn agus, mar sin, chuamar faoi dhéin na siopaí. Sa siopa ‘[Fancy Stores](#)’ cheannaigh gach cailín acu sraith éadaí nua. Feictear dom go raibh beart ag gach duine. I ngach beart bhí - *salwar* (brístí), *kameez* (gúna) agus *dupatta* (scaif) – a bheag nó a mhór. Ba é an rud céanna a bhí sna trí chinn, seachas an dath (dearg, uaine, órga). Bhí siad go hálainn ar fad. Bhí an oiread sin náire ar na cailíní go raibh siad ag seachaint an slua! In ainneoin nach raibh na busanna ar fáil de bharr stailce, d'éirigh go geal linn dul abhaile roimh an dorchadas. D'fhillamar ar rotharveain ([cycle van](#)) Bheangálach – trírothach ([tricycle](#)) le cúlrothaí ollmhóra, agus ardán cearnógach mór, le haghaidh earraí agus daoine a iompar.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-13

TRASNA

SÍOS



1	fool (6)	2	tit (7)
5	permanent (6)	3	bold (4)
10	drops (7)	4	news (6)
11	educator (7)	5	storm (6)
12	constipated (4)	6	inflammation (4)
13	about (5)	7	convene (7)
15	kisses (4)	8	sentence (6)
17	tender (3)	9	fun (6)
19	waves (6)	14	recoil (7)
21	cell (6)	16	dowel (5)
22	wafer (7)	18	often (5)
23	intersection (6)	20	for ever! (3)
25	silly girl (6)	21	nut (3)
28	deer (3)	23	strength (6)
30	swan (4)	24	vice (7)
31	sewer (5)	26	separable (7)
32	nothing (4)	27	nickel (5)
35	benefits (7)	28	watching (6)
36	sweet (7)	29	grandeur (6)
37	ulcer (6)	33	top (4)
38	imagine (6)	34	fit (4)



CUARDACH FOCAL 13

Madraí 1 / Dogs 1



O	T	A	R	I	Ó	D	A	R	B	A	L	L	A	I
S	P	N	B	E	A	S	C	U	H	A	L	L	U	B
P	O	Í	R	O	A	O	Í	C	B	R	A	I	N	D
Í	N	T	I	H	C	D	A	L	M	Á	T	A	C	H
T	É	S	A	M	H	E	A	L	P	E	Í	N	C	U
S	T	I	N	R	C	A	S	R	I	E	A	P	Í	S
E	Ó	A	D	I	A	R	D	A	M	L	L	A	I	C
R	R	M	Á	N	E	I	H	C	R	C	Ó	S	L	A
I	I	S	P	É	N	O	M	A	T	A	C	H	N	Í
E	L	É	S	C	Í	P	É	I	R	Í	N	Á	Á	N
A	L	I	T	L	P	O	C	C	E	Á	D	O	Í	N
S	O	A	I	N	L	R	I	Ó	D	A	L	L	U	B
C	R	Ó	S	P	I	T	S	E	C	H	O	D	C	L
O	C	O	L	Í	A	O	R	O	P	C	R	Ó	Á	A
B	O	L	L	A	D	R	P	R	I	Ó	Í	R	B	I


	ailpíneach (St Bernard)		iallmhadra (bandog)
	alsáiseach (alsatian)		labradór (labrador)
	bocsaeir (boxer)		maistín (mastiff)
	brióir (briand)		pocadán (Kerry beagle)
	bulladóir (bulldog)		pointéir (pointer)
	cóilí (collie)		scipéirín (schipperke)
	dalmátach (dalmation)		sotar (setter)
	huscaí (husky)		spitse (spitz)



BÍ AG SCRÍOBH DON ATHBHLIAIN

Diarmuid Ó Súilleabháin

Is slí éasca í chun do Ghaeilge a fhorbairt ná scéal a scríobh! Is bealach iontach é chun focail agus nathanna cainte nua a aimsiú agus a úsáid. Sé an rud atá i gceist agam ná iarracht a dhéanamh i ndáiríre scéal simplí a scríobh. Is cuma cad é téama an scéil. Is cuma é a bheith gearr nó fada (ach ní rófhada!). Is cuma an bhfuil an Ghaeilge sa chaighdeán oifigiúil nó nach bhfuil. B'fhéidir go mbeidh idir Ghaeilge agus Bhéarla á úsáid agat i dtús. Beidh tú ag cleachtadh na Gaeilge agus beidh do stór focal ag dul i bhfeabhas! Is féidir linn, sa Mhaidin Chaife, cabhrú le chéile agus



ár scéalta éagsúla a phlé ó thaobh na focal, na nathanna cainte (nó scríofa!), na seanfhocail de agus fiú ó thaobh na ghramadaí de chun leagan Gaeilge níos fearr a chur orthu. Sa tslí seo beidh gach duine sa ghrúpa ag cleachtadh focail nua, agus ag tabhairt chun solais arís focail eile a d'fhoghlaim siad ar scoil ach a bhí ceilte ina n-intinn ó shin amach.

Bheinn an-bhuíoch díot scéal a scríobh dár n-iris féin, “An Taobh ó Thuaidh”. Cén t-ábhar a scríobhfaidh tú faoi? Roghnaigh pé ceann atá uait ón liosta thíos nó is féidir leat ábhar eile a roghnú. Déan iarracht alt a bheith scríofa agat roimh an spriocdháta, deireadh mí Feabhra.

Samplaí d'ábhair: *turas thar lear, leabhar maith a léigh mé, mo bhaile dúchais, gailf, litir a scríobh, cócaireacht, páistí, béile le cairde, dráma, pósadh m'iníne, bás cara, saoire, siúlóid ar an gCamino (sa Spáinn), cúrsaí reatha.*

BÁS BIDDY MULLIGAN

Pádraig Mac Éil

D'éag **Jimmy O'Dea**, aisteoir, fuirseoir agus léiritheoir ar an 7 Eanáir 1965 in aois a 65 bliana. Cé gur oileadh é mar radharceolaí chuaigh sé leis an aisteoireacht go lánaimseartha ó 1927. Ar feadh



beagnach fiche bliain chuir sé seónna ar siúl san *Olympia* agus ansin sa *Gaiety*, go minic agus é i bpáirt a charachtair cháiliúil, Biddy Mulligan, trádálaí sráide na Cathrach. Bhí sé i bpáirt Bhriain, Rí na Leipreachán, sa scannán (1959), “*Darby O’Gill and the Little People*”.



CROSFHOCAL BG XBG-12: RÉITEACH

	1 ^A	2 ^L	3 ^A	4 ^I	5 ^N	6 ^D	7 ^E	8 ^A	9 ^L	10 ^B	11 ^H	
8 ^P												9 ^S
10 ^L	1 ^E	2 ^A	3 ^N	4 ^T	5 ^A	6 ^M	7 ^E	8 ^A	9 ^D	10 ^A	11 ^I	12 ^L
12 ^I	13 ^T	14 ^H	15 ^E	16 ^A	17 ^N	18 ^B	19 ^H	20 ^Á	21 ^R	22 ^A	23 ^I	24 ^C
19 ^E	20 ^O	21 ^R	22 ^N	23 ^Ó	24 ^G	25 ^A	26 ^B	27 ^O	28 ^T	29 ^H	30 ^Á	31 ^N
25 ^R	26 ^A	27 ^M	28 ^H	29 ^A	30 ^R	31 ^T	32 ^A	33 ^L	34 ^A	35 ^T	36 ^H	37 ^E
32 ^N	33 ^Ó	34 ^I	35 ^N	36 ^P	37 ^O	38 ^N	39 ^C	40 ^Ú	41 ^S	42 ^N	43 ^A	44 ^S
37 ^Á	38 ^R	39 ^T	40 ^H	41 ^A	42 ^C	43 ^H	44 ^T	45 ^A	46 ^N	47 ^C	48 ^A	49 ^E
40 ^P	41 ^R	42 ^Ó	43 ^C	44 ^A	45 ^R	46 ^R	47 ^A	48 ^D	49 ^A	50 ^D	51 ^H	

CUARDACH FOCAL 12: RÉITEACH

C	O	I	N	E	A	L	A	I	H	F	N	I	É	R
U	S	M	Ó	R	A	G	L	U	S	A	U	R	D	R
I	O	Á	M	E	S	E	D	H	N	O	N	A	N	A
L	L	I	G	L	B	R	É	A	G	Á	I	N	R	É
L	S	N	Ó	S	D	R	U	A	L	D	S	L	O	N
E	I	S	O	L	U	S	O	A	Í	A	Í	L	S	Á
A	L	É	L	G	O	L	S	N	T	O	D	O	N	E
N	O	A	Ó	A	T	B	A	Á	N	L	I	N	I	N
N	S	R	A	U	E	N	E	U	C	T	A	G	Á	H
T	A	S	R	A	O	N	U	O	R	E	A	É	L	D
M	A	C	T	I	D	L	N	L	L	D	D	N	R	I
N	A	L	L	H	D	I	E	I	C	A	R	N	A	E
Í	É	A	E	I	A	D	U	R	Q	A	L	U	O	S
R	G	I	O	L	H	C	N	I	L	C	S	I	A	M
B	M	Á	I	S	I	Ú	C	H	Á	I	N	I	É	R

SEANFHOCAL

Is maith an t-anlann an t-ocras.

Hunger is a tasty sauce.

CUIMHNÍ CINN EURO 2012

Sam Brown

Ba mhatalang (**disaster**) mór iad babhtaí ceannais na hEorpa 2012 sa sacar d'a lán tacadóirí Éireannacha. Ach b'ócáid iontach domsa, tacadóirí fadtéarmach le 75 bliana sroichte aige.

Ba chluiche doiciúil é an chéad cheann sna babhtaí cáilíochta agus é á himirt as baile in Eireaván, príomhchathair na hAirméine. Bhí na hAirméanaigh ar ar chas mise cairdiúil agus tarraingteacht. Ní raibh mórán eolais ar fáil dúinn ó Bhord Turasóireachta ó thaobh turais de. Mar sin chuaigh mé féin agus mo bheirt mhac ag spaisteoireacht timpeall na cathrach, ag féachaint cad a bhí inti. Shiúlamar ar bhruach abhann Hrazdan agus thugamar cuairt ar Ardeaglais Naomh Gréagóir. Tá radharc ón gcathair ar Shliabh maorga Ararat. Bhí an teocht sa chathair timpeall 30 céim. Bhí tú in ann buidéal beorach a fháil ar níos lú ná euro amháin. Bhí orainn 10,000 dram (airgeadra na hAirméine) a íoc do bhéile don triúr againn ach ní raibh ansin ach fiche euro! Bhí 4,000 póilín ag an gcluiche chun an 350 tacadóir Éireannach a chosaint. Bhíomar mar dhaoine mór le rá lenár gcoimhdeacht chosantach féin! Chuir cúl déanach ó Keith Fahey an dlaoi mhullaigh ar an oíche agus ar an turas agus bhí ár n-intinn agus ár smaointe dírithe ar an gcéad chluiche eile, sa Pholainn, ansin.



AN BHLIAIN SEO ROMHAINN

Pádraig Mac Éil

Tá “*An Taobh ó Thuaidh*” ar an bhfód le bliain anuas agus tar éis 12 eagrán curtha i gcló táimid ag déanamh athbhreithnithe ar ról na hirise. Is le tacaíocht ár léitheoirí a chuireamar an iris i dtoll a chéile gach mí i 2014 agus is mór an dúshlán agus an t-ualach oibre é sin don eagarthóir agus don fhoireann. Ón tús bhí sé mar sprioc againn go mbeadh ról lárnach ag an iris i bhforbairt na maidineacha caife, an foilseachán ag treisiú nasc i measc lucht Gaeilge na Cathrach agus ag cruthú teagmhálacha níos forleithne dúinn.

Táimid den tuairim gur ceart dúinn anois freastal níos mó ar na naisc agus ar na teagmhálacha sin agus ag an am céanna dul i ngleic leis na brúnna atá ar an eagarthóir agus ar an bhfoireann chun foilseachán míosúil a chur le fáil. Mar sin táimid chun an iris a fhoilsiú gach dara mí i 2015. Bainfidimid triail as cló beagáinín níos mó sna hailt i rith na bliana freisin féachaint an mbeidh sé níos fearr don léitheoir.

Beidh bileog nuachta, “*Nasc le Gaeilge*” á foilsiú freisin le heolas faoi imeachtaí a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an gcultúir. Beidh sin á foilsiú sna míonna nach mbeidh “*An Taobh ó Thuaidh*” le fáil. Dea-scéal eile ná go mbeidh suíomh idirlín (**website**) nua ag teacht ar an bhfód i mí Márta (le linn Sheachtain na Gaeilge). Beidh sé sin mar áis (**convenience**) agus mar acmhainn (**resource**) dóibh siúd a fhreastalaíonn ar na maidineacha caife, ar na ciorcail chomhrá, ar na ranganna agus araile.

Tá gá i gcónaí le hailt ónár léitheoirí. Tapaigh an deis an bhliain seo agus bí sé de rún agat alt nó dhó a sheoladh chugainn. Léigh an t-alt ar barr leathanach 11 i gcomhair tinfidh! Cabhróidh sé le do chuid Gaeilge agus cabhróidh sé le Gaeilge ár léitheoirí uile. Ar aghaidh linn le chéile!

